Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Eanáir 2022
(OR. fr, en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0396(NLE)**

**5400/22**
**ADD 1**

**JAI 57**
**FREMP 14**
**COVID-19 12**
**FRONT 25**
**MI 39**
**SAN 32**
**TRANS 25**
**IPCR 11**
**COCON 9**
**COMIX 33**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhordú COVID-19<br>Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475<br>- Dearbhú ó thoscaireacht na hOstaire |

Cuirfear an ráiteas seo a leanas sna miontuairiscí ón gComhairle.

**Ráiteas ón Ostair maidir le Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun saorghluaiseacht shábháilte a éascú le linn phaindéim COVID-19 agus a chuirtear in ionad Mholadh (AE) 2020/1475 agus maidir le Moladh (AE) 2020/1632 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe chun taisteal sábháilte i limistéar Schengen a éascú le linn phaindéim COVID-19.**

Tacaíonn an Ostair, i bprionsabal, leis an gcur chuige comhordaithe a bhfuil d'aidhm leis níos mó aonfhoirmeachta a chruthú maidir le srianta taistil. Ba cheart a bheith in ann, leis sin, bearta comhordaithe a dhéanamh chun an tsláinte phoiblí a chosaint agus chun gur féidir an ceart chun saorghluaiseachta a fheidhmiú. Tá an Ostair i bhfabhar an ceanglas maidir leis an Deimhniú Digiteach COVID a choinneáil, i bprionsabal, le haghaidh taisteal laistigh den Eoraip.

I gcoitinne, ba mhian leis an Ostair a thabhairt dá haire nach mór a chur san áireamh go n-éiríonn an chosaint ó vacsaíní níos laige agus tréimhse aonfhoirmeach inghlacthachta á socrú agus gur cheart an deis a bheith ann i gcónaí go mbeadh rialacha difriúla ann maidir le húsáid intíre an deimhnithe vacsaínithe. Ar an gcaoi sin, tá sé beartaithe ag an Ostair faoi láthair bailíocht an 'Grüner Pass' (an téarma don ionstraim náisiúnta chun Deimhniú Digiteach COVID AE a chur chun feidhme) a laghdú ó 270 lá go 180 lá i gcás na ndaoine a ndearnadh vacsaíniú orthu faoi dhó amhail ón 1 Feabhra 2022. I gcás na ndaoine a ndearnadh vacsaíniú orthu faoi thrí, áfach, fanfaidh an tréimhse bhailíochta 270 lá mar atá.

Ó thaobh na hOstaire de, níor cheart don tréimhse aonfhoirmeach bhailíochta atá beartaithe ar fud an Aontais, sé sin, 270 lá tar éis na chéad sraithe vacsaínithe, a chur chun feidhme i gcás daoine aonair a fuair dáileog aonair de Vacsaín COVID-19 Janssen. Bunaithe ar fhianaise eolaíoch, is leis an dara dáileog de vacsaín atá formheasta ag EMA, agus leis sin amháin, a thugtar údar le deimhniú a eisiúint a bheidh bailí ar feadh 270 lá.